

An Spidéal faoi Léigear ag 'An Tulan Cleasach'

Tá aitheantas tugtha do thábhacht na Gaeltachta sa mBille nua Pleanála, a foilsíodh le gairid. As seo amach caithfear cosaint teanga agus cultúr na Gaeltachta a chur san áireamh in aon phlean forbartha a réiteoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Faraoir nár tháinig an Bille nua i bhfeidhm in am le cuid den fhorbairt nua tithíochta sa Spidéal agus sna Forbacha a stopadh. Is cinnte nach é leas cultúr agus teanga na Gaeltachta a bhí ar intinn ag Comhairle Chontae na Gaillimhe nuair a thug siad cead don chúig theach ar chúl an stáisiún nua peitрил agus don 18 teach atá le tógáil taobh ó dheas de fhoirgneamh Ros na Rún.

'An Tulan Cleasach' a bheas ar an scéim nua agus sé Jimmy Clancy óna Forbacha atá i mbun na forbartha. £150,000 an praghas atá ar na tithe agus tá beagnach leath acu díolta cheana féin, más fíor don ceantálaí, cé nach bhfuil an obair tógála tosaithe fós. Ar ndóigh d'fhéadfadh sé tarlú gur teaghlaigh le Gaeilge a bheas ag ceannach na dtithe go léir! D'fhéadfadh sé tarlú. Ach bheadh an seans céanna aige sin tarlú agus 6 uimhir an lotto a tharraingt 3 seachtaine i ndiaidh a chéile.

Céard faoin mbrú a chuirfidh an cóilíní nua seo ar theanga na háite?



An Tulan Cleasach.

For Sale
EXCLUSIVE NEW DEVELOPMENT
FOR SPIDÉAL VILLAGE
18 LUXURY FOUR BEDROOM
SEMI-DETACHED HOUSES

JOINT SELLING AGENTS:
FITZGERALD AUCTIONEERS
BARNASTATES LIMITED

DEVELOPERS:
J & S PROPERTY DEVELOPERS LIMITED

ARCHITECTS:
NIAL J. KEARNS & COMPANY

Sna scoileanna, sa séipéal, sna clubanna spóirt is caitheamh aimsire, sna tithe ósta. Tá an scéal sách dona mar atá sé.

Ní hé nach dteastaíonn tithe sa Spidéal. Teastaíonn agus go leor tithe. Teastaíonn tithe Comhairle Chontae ó dhaoine san áit nach bhfuil in acmhainn a dtithe féin a cheannach. Teastaíonn tithe ar phraghas réasúnta ó go leor lánúnacha nuaphósta. Ach ní shin an cineál tithíochta atá le tógáil sa Spidéal ag na *developers* is ag na *speculators*. Níl a dhóthain brabach le déanamh as tithe a chur ar fáil do mhuintir na háite.

Tógadh raic mór scór bliain ó shin, nuair a tugadh cead cupla *Luxury Home* a dhéanamh sa Spidéal. Bhí Udarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta ag cur go láidir ina éadan. Sa deireadh cheannaigh an tUdarás an suíomh agus tógadh an Ceardlann. Tá an Roinn agus an tUdarás ina dtost an uair seo.

An rud is measa níl anseo ach an tús. Mura dtógtar seasamh tarlóidh an fhorbairt chéanna tithíochta sa Spidéal is a tharla do Mhaigh Chuilinn. Báfar an méid beag de theanga is de chultúr na háite ata ann.

Tá sé thar am go dhream éicint "STOPAIGÍ" a fhógairt, sara mbeidh sé ró dheireannach.

B'fhéidir go bhfuil sé ró dheireannach cheana féin.

